
# AG NOCHTADH RÚIN NA CRUINNE

Chonaic ár sinsir fadó go raibh an Ghrian, an Ghealach agus na réaltaí ag gluaiseacht de réir patrún rialta. D'fhorbair siad matamaitic luath chun na gluaiseachtaí seo a rianú, féilirí a chur le chéile agus an t-am a aithint. Forbraíodh cuid mhór den mhata a úsáidimid sa lá atá inniu ann ar dtús toisc go raibh daoine fiosrach faoin spás.



## Teileascóp Spáis James Webb



**Na mílte bliain tar éis dár sinsir tabhairt faoi staidéar a dhéanamh ar na spéartha, tá an mhata fós ag cabhrú linn níos mó a fhoghlaim faoin spás.**

Tá Teileascóp Spáis James Webb, a seoladh i 2021 ar an teileascóp is cumhachtaí dá raibh ann riamh! Taistealaíonn sé timpeall na Gréine leis an Domhan, ach tá sé 1.5 milliún ciliméadar níos faide amach sa spás. Is féidir le Teileascóp Spáis James Webb réaltaí, pláinéid, agus réaltraí atá na billiúin bliain d'aois a fheiceáil. Is féidir leis féachaint ar phláinéid timpeall réaltaí eile fiú amháin, d'fhéachaint an bhféadfadh beatha a bheith orthu!

## Sí an Bhrú




**Na mílte bliain ó shin, thóg daoine ar an oileán seo struchtúir atá ag ailíniú le gluaiseacht na Gréine.**

Is é an ceann is cáiliúla díobh seo ná Sí an Bhrú. Tá sé ag féachaint amach ar abhainn na Bóinne agus tógadh é timpeall 5,000 bliain ó shin. Cnocán mór é a bhfuil pasáiste cloiche síos go dtí seomra lárnach. Taitníonn an Ghrian atá ag éirí ar an lá is giorra den bhliain síos an phasáiste agus soilsíonn sí an seomra sa lár.





## Stonehenge



**Is ciorcal de chlocha ollmhóra cáiliúil é Stonehenge. Tá sé i Sasana agus tógadh timpeall 4,000 bliain ó shin é. Thóg go leor sibhialtachtaí ársa eile ar fud an domhain struchtúir a bhí ailínithe leis an nGrian, an Ghealach agus na réaltaí.**

Bhí gá le go leor smaointeoireachta matamaiticiúla do thionscadail den sórt sin. Mar sin féin, i bhformhór na gcásanna níl a fhios againn cén cineál mata a d'fhorbair na daoine seo mar nár fhág siad aon taifead scríofa.



